Corpoideachas trí Ghaeilge

Déan cúram cuí den sábháilteacht i gcónaí trína chinntiú go mbaineann an páiste feidhm as cleachtais shábháilte.

LÁ 5: TÉAMH SUAS AMHÁIN 1, 2, 3; CLUICHE 1: ARDAIGH AN LIATHRÓID AGUS DÉAN RUATHAR AONAIR ISTEACH SA BHFÁINNE; CLUICHE 2: AN LIATHRÓID SA BHFÁINNE; TÉAMH SÍOS.

	<u>Teanga</u> atá <u>Riachtanach</u> chun an Téamh Suas a dhéanamh:	**Teanga Chomhlántach chun cumarsáid as Gaeilge a chinntiú le linn an chluiche**
Téamh Suas 1, 2, 3	*Déanaigí ciorcal mór. Tusa A. Tusa B…….* *Druid siar. Beir greim láimhe ar a chéile. Téigh / Bog siar dhá chéim.* *Lámha amach gach duine – fág spás idir tú féin agus do pháirtnéir. Déan spás duit féin.* *Níl go leor spáis agam.* *An bhfuil go leor spáis agat?* *An bhfuil na bróga reatha dúnta?* *An bhfuil sibh réidh / ullamh?* *Bígí ag éisteacht go cúramach. Bígí cúramach.* *Bígí deas lena chéile.* *Ná bí / bígí ag pleidhcíocht.* *Níl cead agat lámh a leagan ar éinne eile.*	*Táimid réidh / ullamh. Nílimid réidh / ullamh.* *Is mise A. Is tusa B.* *Ní thuigim. Ní thuigim an cluiche seo.* *Cad atá le déanamh againn?* *Tá mo chos / lámh tinn.* *Bhí X ag pleidhcíocht.* *Rug mé ort / air / uirthi.* *Níor rug mé ort / air / uirthi.*

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE

	Faigh na cóin / na fáinní a ____, le do thoil. *X, ní raibh / níl tú ag éisteacht. Tar anseo.*	*An bhfuil cead agam* *dul go dtí an leithreas?* *sos a thógáil?* *bheith sa tóir?* *bheith i gceannas?* *bheith mar cheannaire?* *Tá X ag caoineadh. Thit sé/sí.* *Bhuail siad in aghaidh a chéile.* *Timpiste a bhí ann.* *Rinne tú é d'aon ghnó.*
Cluiche 1: Ardaigh an Liathróid agus Déan Ruathar Aonair isteach sa bhFáinne	Féach Seachtain 4	
Cluiche 2 – An Liathróid sa bhFáinne Seisear ar gach foireann (foireann A in aghaidh foireann B; foireann C in aghaidh foireann D; foireann E in aghaidh foireann F) Roinn an halla i dtrí chuid – sé fhoireann ag imirt ag an am gcéanna Beidh trí fháinne ag an líne chúil – preab an liathróid sa bhfáinne	*Is féidir leat / liom an liathróid a chaitheamh.* *Ní féidir leat / liom rith ná siúl leis an liathróid.* *Níl cead agat/agam rith / siúl leis an liathróid.* *Caith í.* *Preab an liathróid sa bhfáinne.* *Fuair mé / mise cúl. (dhá chúl, trí chúl…….)* *Fuair mé / mise scór / pointe . (dhá ___, trí ___)*	*Cén scór atá againn? Cad é an scór?* *Cé mhéad cúl a fuaireamar / fuair tú / fuair X?* *Ní bhfuair mise an liathróid.* *Níor thug X an liathróid dom.* *An bhfuil cead agam na cóin a*

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE

agus tá cúl aimsithe agat don fhoireann)



Rialacha
Is féidir leat an liathróid a chaitheamh.
Níl cead agat siúl ná rith leis an liathróid. Caith í.
Preab an liathróid sa bhfáinne.

Cluiche – Liathróid sa bhfáinne 2(le dúshlán breise)
(Seisear ar gach foireann – trí fháinne ag an líne cúil – ceithre phas le d'fhoireann agus preab an liathróid sa bhfáinne agus tá cúl aimsithe agat.)

Cabhraigh liom. Cá bhfuil tú?
Táim anseo. Anseo.
Táim in aice leat.
Táim taobh thiar díot.

cosantóirí agus ionsaitheoirí
ag cosaint / ag ionsaí
Sín amach do lámha. Déan iarracht í / é a stopadh.
Tá mise ag cosaint / ag ionsaí.

Ná leag lámh/méar ar aon duine.
Is/Ní féidir lámh nó méar a chur ar an liathróid.

Is féidir / Ní féidir leat / liom an liathróid a phreabadh sa bhfáinne.
Níor tharla ceithre phas.
Fuair X an liathróid faoi dhó.
Níl sé ceart ná cóir.
Tá Y ag pleidhcíocht.
Níl X ag imirt an cluiche i gceart. Tá

chur amach / cabhrú leat inniu / a bheith ag tús an líne / a bheith i mo chaptaen / liathróid eile a fháil?
An bhfuil cead agam deoch a fháil mar tá tart (an domhain) orm?
An bhfuil cead agam mo gheansaí a bhaint díom mar táim ró-the.

Is breá / aoibhinn liom an cluiche seo.

Aimsir
Tá sé ag cur fearthainne / ag cur báistí.
Táim préachta leis an bhfuacht.
Táim báite le hallas.

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE

 Is féidir liom an liathróid a chaitheamh. Tá cead agat rith / siúl leis an liathróid ach beidh ort ceithre phas a thabhairt do cheathrar difriúil ar dtús agus ansin an liathróid a phreabadh sa bhfáinne chun cúl a fháil. Caith í. Preab an liathróid sa bhfáinne.	*caimiléireacht ar siúl ag Y.* *Fuair mise cúl. (dhá chúl, trí chúl……)* *Cabhraigh liom.* *Cá bhfuil tú? Táim anseo. Anseo.* *Táim in aice leat.* *Táim taobh thiar díot.* *Tá tú ró-mhall.* *cosantóirí agus ionsaitheoirí* *ag cosaint / ag ionsaí* *Ná leag lámh/méar ar aon duine.* *Is féidir lámh nó méar a chur ar an liathróid.*	
Téamh Síos **An Tiománaí**	*Is / ní mise an tiománaí.* *An tusa an tiománaí?* *Cé hé an tiománaí?*	*Tá an cluiche seo go deas / go hiontach.* *Thaitin an cluiche seo (go mór) liom.*

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE

Treoracha 1. Beidh na páistí ag rith i ngach treo. *2. "Nuair a chloiseann tú an fheadóg stopann tú ar an spota."* *3.* Roghnaíonn an múinteoir "an tiománaí". *"X is tusa an tiománaí inniu."* *4. Séideann an múinteoir an fheadóg arís agus tosaíonn an tiománaí agus na páistí go léir ag siúl. Cuireann an tiománaí a lámh ar pháistí éagsúla agus deireann sé "Rug mé ort." nó "Isteach leat" nó "Ar mhaith leat teacht sa charr / sa traein?" Beidh ar an bpáiste freagra a thabhairt – "Rug tú orm." nó "Go raibh míle maith agat (don síob)." nó "Ba mhaith liom."* *5. Ansin leanann siad an tiománaí – duine i ndiaidh a chéile.* *6. "Nuair a bheidh gach duine sa charr / sa traein beimid réidh chun filleadh ar an seomra ranga."*	*An bhfuil cead againn / An féidir linn?* *rith go tapa / scipeáil / siúl* *Rug mé ort. Rug tú orm. Níor rug tú orm.* *Isteach leat. Go raibh míle maith agat (don síob).* *Ar mhaith leat teacht sa charr / sa traein?* *Ba mhaith liom.*	*An féidir linn cluiche amháin eile a imirt?* *An bhfuil orainn dul ar ais go dtí an rang?* *An bhfuil cead agam bheith i mo thiománaí an chéad lá eile?* *Ba mhaith liom a bheith i mo thiománaí?*
Prionta sa Timpeallacht	**pointe amháin** **dhá phointe, 3 phointe, ceithre phointe, 5 phointe 6 phointe.** **7 bpointe, 8 bpointe, 9 bpointe, 10 bpointe**	
Teanga Mholta	*Maith thú, a _____. Ard-fhear. Cailín iontach.*	**<u>Liathróid i bPáirc an Chrócaigh</u>**

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE

	An-cliste. Sár-mhaith. Nár laga Dia thú! Bhí sibh ar fheabhas / thar barr. Rinne tú do dhícheall. Rinne sibh bhur ndícheall. Mí-ádh! Ní raibh an t-ádh libh inniu. *An-fhear. Ard-fhear. An-chailín. Togha fir. Togha cailín. Mo ghraidhin thú! Mo cheol thú! Go n-éirí leat / libh.* *Cluiche iontach / maith / dian / tapa / lag / mall. COMHGHAIRDEAS. D'imir sibh go maith.* *Tabhair seans eile dó/di. Lig dó/di. Leanaigí oraibh. Lean ar aghaidh. Fan leis.* *Ná bac leis sin anois. Amach leat!* *Beidh lá eile ag an bPaorach!*	**Preabann sí, casann sí,** **Léimeann sí timpeall.** **Cictear í, buailtear í,** **Ard agus íseal.** **Amanta tapa,** **Uaireanta mall,** **Suas agus síos,** **Sall 's anall.** **Istigh sa chúl,** **Thar an trasnán,** **Croitear na bratacha** **Glas agus bán.** **Ina luí ar an talamh** **Nó ag eitilt san aer,** **Screadadh is béiceach** **Ón slua go léir.** Éamonn Ó Ríordáin

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE